

ná fág ach lorg lapaí.
leave only pawprints. ®...

Green Dog® Walkers

Bealach cairdiúil chun dul i ngleic le fadhbanna salachair madraí

Sínigh an gealltanas duit féin agus do do chara!

Is tionscadal é Green Dog Walkers® (Siúlóirí Glasa Madraí) a bhfuil tús curtha ag Comhairle Chontae na Gaillimhe leis i gCo.na Gaillimhe.

Más mian leat an Gealltanas seo a shíniú, líon amach an fhoirm ghlactha atá leis seo agus sheol ar ais í chuig...

e: environment@galwaycoco.ie

An Rannóg Timpeallachta
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Áras an Chontae
Cnoc na Radharc
Gaillimh H91H6KX

t: 091 509 510

Coinnigh do chóip féin den Ghealltanas i gcomhair tagartha amach anseo.

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Green Dog Walkers ®

Meabhrú Beag Deas...

Is bealach neamh-ionsaitheach, lách é Green Dog Walkers® (Siúlóirí Glasa Madraí) chun an meon atá ag daoine i leith salachar madraí a athrú.

Ar mhaith leat a bheith páirteach sa tionscadal?

Níl le déanamh ach an Gealltanas a léamh agus an Fhoirm Ghlactha a shíniú agus a sheoladh ar ais. Seolfaimid do Veist Ard-Infheictheachta agus málaí le haghaidh salachar madraí chugat.

Cad chuige an Veist Ard-Infheictheachta Ghlas?

Má fheiceann tú duine ag caitheamh Veist Ard-Infheictheachta Green Dog Walkers® (Shiúlóirí Glasa Madraí) ciallaíonn sin go bhfuil "Gealltanas Tugtha" acu...

- glanadh suas i gcónaí i ndiaidh a madra
- málaí breise le haghaidh salachar madraí a iompar
- mála a thabhairt duit go fonnmhar, más gá - níl ort ach ceann a iarraidh orthu!

Fíricí...

- Meastar go bhféadfadh 23 milliún baictéir dhrólannacha faecais a bheith i ngram amháin de shalachar madraí, agus d'fhéadfadh sin a bheith ina gcúis le crampaí, buinneach, tinneas stéige agus neamhoird throma duáin sa duine.
- D'fhéadfadh drochsheadáin amhail cruinnphéist a bheith i salachar madraí, a bhféadfadh a larbhaí a bheith ina gcúis le radharc na súl a chailleadh.

Tá SÉ SÁBHÁILTE, áfach, é a ghlanadh suas "ar an bpointe"!

Tabhair do ghealltanas inniu - Tú Féin agus do Chara!

Gealltanas na Green Dog Walkers® (Siúlóirí Glasa Madraí)

Toilim leis seo, Veist Ard-Infheictheachta Green Dog Walkers® (Shiúlóirí Glasa Madraí) a ghlacadh agus geallaim páirt a ghlacadh san fheachtas mar seo a leanas:

1. Caithfidh mé veist Ard-Infheictheachta Green Dog Walkers® (Shiúlóirí Glasa Madraí) chomh minic agus is féidir nuair atá mé amuigh ag siúl le mo m(h)adra(í).
2. Glanfaidh mé suas i ndiaidh mo mhadra i gcónaí agus cuirfidh mé an mála sa bhosca bruscair.
3. Nuair a bheidh daoine eile amuigh ag siúl le mo mhadra, tabharfaidh mé ugach dóibh glanadh suas ina dhiaidh.
4. Tuigim go dtugann Veist Ard-Infheictheachta Green Dog Walkers® (Shiúlóirí Glasa Madraí) le fios go mbeidh málaí le haghaidh salachar madraí ar iompar agam le tabhairt do shiúlóirí madraí eile, má iarrtar orm iad.
5. Ní bheidh mé trodach achrannach le siúlóir madraí ar bith eile faoi shalachar madraí tráth ar bith a mbeidh Veist Ard-Infheictheachta Shiúlóirí Glasa Madraí á caitheamh agam. Tuigim go maith gur feachtas neamh-ionsaitheach, lách atá i gceist le Green Dog Walkers® (Siúlóirí Glasa Madraí) chun an meon atá ag daoine maidir le salachar madraí a athrú.
6. Aontaím gur féidir le Comhairle Chontae na Gaillimhe teagmháil a dhéanamh liom le bheith páirteach i gceistneoirí nó suirbhéanna faoi mo thaithí le Green Dog Walkers® (Siúlóirí Glasa Madraí) chun cuidiú leo chomh maith agus atá ag éirí leis an tionscadal a mheas.

Foirm Ghlactha Gealltanas na Green Dog Walkers® (Siúlóirí Glasa Madraí)

Tá Gealltanas na **Green Dog Walkers®** (Siúlóirí Glasa Madraí) léite agam. Aontaím féin agus mo mhadra a bheith páirteach i bhfeachtas na **Green Dog Walkers®** (Siúlóirí Glasa Madraí) . Le mo shíniú thíos, toilím leis seo go nglacaim le téarmaí an Ghealltanais, Veist Ard-Infheictheachta **Green Dog Walkers®** (Shiúlóirí Glasa Madraí) a fháil agus a chaitheamh, agus go mbeidh málaí breise le haghaidh salachar madraí ar iompar agam nuair a bheidh mé amuigh ag siúl le mo mhadra.

Priontáil d'Ainm:		**Ainm an Mhadra:**	
Seoladh:			
Baile:		**Éirchód:**	
Teileafón:		**Ríomhphost:**	

Ceanta(i)r ina mbím ag siúl le mo mhadra(í):

Mo chomharsanacht ○ **Páirc Áitiúil** ○ **Ceantar Tuaithe** ○ **Eile** ○

Ainm an Bhaile:		**Dáta:**	

Cuir Isteach

Déanfar do Veist Ard-Infheictheachta **Green Dog Walkers®** (Siúlóirí Glasa Madraí) agus málaí le haghaidh salachar madra a thabhairt duit nó a sheoladh chugat nuair a bheidh an fhoirm seo faighte ar ais againn.

Tuigim go gcoinneoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe m'eolas teagmhála faoi rún agus nach roinnfear é le haon duine ná aon ghníomhaireacht eile de réir Airteagal 6(1)(a) Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) 2016.